Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14294/23

SOC 689
EMPL 489

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle
Ábhar:	Bord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú Ceapachán Selma POURCHASSE-WINKLER, comhalta malartach don Danmhairg, in ionad Lærke Thorø Borch SLOTH

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Lærke Thorø Borch SLOTH éirithe as mar chomhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Fhorais thuasluaite i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Danmhairg).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na Danmhairge don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027:

Selma POURCHASSE-WINKLER
Ceann Rannóige
An Aireacht Fostaíochta
Holmens Kanal 20
DK-1060 Cóbanhávan K
Teil: + 45 29172536
ríomhphost: spw@bm.dk

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, a ghlacadh mar mhír ‘A’, agus

(b) an Cinneadh a chur á fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

IARSCRÍBHINN

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach de

Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75[1] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gCinneadh uaithi an 28 Márta 2023[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027.

(2) Tá suíochán mar chomhalta malartach i gcatagóir ionadaithe na rialtas folamh anois ó d'éirigh Lærke Thorø Borch SLOTH as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Danmhairge don fholúntas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 74.
[2] IO C 116, 31.3.2023, lch. 23.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Selma POURCHASSE-WINKLER ina comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú in ionad Lærke Thorø Borch SLOTH, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán